AIBREAN 65

Bliain i mBaden

Le Micheal O Breartuin

The author is a Dubliner, a Coláiste Mhuire man, and he graduated from U.C.D. with a B.E. (Hons.) in 1953. He spent a year with Brown-Boveri in Switzerland and is at present with the Planning Division of System Operations Department, E.S.B.

NÍL fhios agam go cruinn cad a thug orm dul chun na hEilbhéise thar aon áit eile. Bhí ceangailte orm dul thar sáile de réir coinníollacha na duaise, is fíor, agus is dócha gur rith sé liom go bhféadfainn taithí inneal-tóireachta d'fháil agus aithne agus eolas d'fháil ar an Eoraip san aon am, agus cén áit dob fhearr chuige sin ná an Eilbhéis? Pé scéal é bhí comhmhacléinn san rang taréis trí mhí do chaitheamh le Brown Boveri i mBaden agus bhí ar a chumas eolas a thabhairt dom fé cé mar d'fhéadfadh duine post d'fháil leo agus is fearr i gcónaí an t-eolas, bíodh sé ina bhreach-eolas féin, ná an t-aineolas. Tháinig mé abhaile beagnach deich mbliain ó shoin ach ar chúis éigin tá an bhliain úd ag teacht i gcuimhne dhom cuid mhaith le déanaí.

Rinne mé freastal ar rang Gearmáinise ar feadh cúpla mí sular chuireas chun bóthair ach is eagal liom nár luí mé isteach tréan go leor ar staidéar na teangan. Ba leor a bhí ar eolas agam nuair a bhailigh mé liom le bia d'órdú agus eolas mo bhealaigh d'iarraidh ach ní bheinn ró chinnte d'aon treoracha a thabharfaí dom! Fuair mé amach nárbh aon ró chabhair iad lucht oilte na hEilbhéise lem eolas ar an nGearmáinis do fheabhsú. Mar bhíodar-súd ar a míle dhícheall ag iarraidh feabhas do chur ar a gcuid Béarla!

AISTRIUCHAN

Fé mar tharla sé áfach bhí na sluaite eachtrannaigh eile i mBaden agus ba mhinic gan ach an t-aon cheangailt teangan amháin againn—drochGhearmáinís! Agus bhí an t-ádh orm gur hiarradh orm aistriúchán do dhéanamh ón nGearmáinís ar an treoirleabhar do thiomarnóir nua Radio Éireann. hIarradh orm an t-aistriúchán seo do dhéanamh nuair nach raibh mé ach mí ins an áit—bí ag caint ar *crash courses*, chuireas níos mó eolas ar an teanga in imeacht leathsheachtaine ná mar chuir roimhe nó ina dhiaidh! Agus nuair a tháinig mé abhaile níos deireannaí ní airinn aon chaint ag bollscairí Radio Éireann faoi thriobló-idí teicniúla—ach ar ndóigh, d'éis-timísne i gcónaí le tiomarnóir Átha Cliath agus ba don cheann mór in Áth Luain a rinne mise an gnó!

Chaitheas ceithre seachtainí ag plé le hinnill bheaga sa mhonarclainn, dhá mhí i Roinn Díolta Tiomarnóirí agus an naoi mhí dheireannacha ag dhéan-amh obair thaighde ar gheineadóirí meánmhinicíochta (*medium frequency generators*) agus ar dheacrachtaí a bhain le tomhas sruthanna aibhléise ag na minicíochtaí seo. Tá forbairt mhór déanta ar na cúrsaí seo ó shoin agus baintear leas as gléasanna den a minicíochtaí seo le miotail do leá, go mórmhór miotail luachmhara.

OBAIR USAIDEACH

Tuigfidh an léitheoir ón chuntas seo nach raibh aon chúrsa speisialta ag an gcomhlacht do innealtóirí óga. Fé mar a thárla sé cuireadh na tosnaith-eoirí i mbun oibre fé stiúrú na ngnáth innealtóirí agus tugadh seans dóibh obair úsáideach do dhéanamh. Níor mhiste liom san.

Nuair a airím daoine ag gearán fén easpa teangmhála idir muintir na tíre seo agus na micléinn eachtrannacha atá i mbun staidéara anso cuimhním ar mo bhliain im eachtrannach. Bhí mé cáirdiúil le Sasanaigh, le Gearmánaigh, le hOstaraigh, le hIodáiligh agus le hEilbhéisigh ó cheanntracha labhartha na Frainncíse agus na hIodáilíse agus ba mhinic mé ar chuairt acu agus i mbun caidrimh leo ach níor leag mé cos thar thairseach lucht labharta Gearmáinise na hEilbhéise riamh. Ní mar lochtú a deirim é seo—bíonn a dhóthain le déanamh ag duine ina theach féin gan strainséaraí do bhreith isteach ar chuairt toisc amháin gur strainséaraí iad.

Fé mar dúirt mé, tá m'intinn ag casadh cuid mhaith ar Baden le déanaí. B'fhéidir ná fuil ann ach go bhfuil saoire uaim ar an gCoigríoch arís. Céard é sin a dúirt Chesterton faoi *any peg will do to hang your hat on?*

NEW DIRECTORS

H. R. Holfeld Ltd. have announced the appointment of Mr. N. P. Whelan, B.E., as Executive Director for the engineering department, and Mr. M. T. Liddy, as Executive Director for the pump department.

A section of the big attendance at the annual Cumann reception for students. Addressing them is Mr. T. Simington, and in the front row are Mr. P. Doherty, Mr. P. Hennigan and Mr. J. Fitzsimons of Central Council.